*Ealaín sa Tírdhreach*

# FÉILE AN ATHRAITHE



**UÍBH FHAILÍ** 5 & 6 Aibreán, 2024

**MAIGH EO** 12 & 13 Aibreán, 2024

*Comhairle Chontae Uíbh Fhailí*
Offaly County Council

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

VAI visual artists ireland

arts council
chomhairle ealaíon
funding the arts

# Brollach



Is mór an onóir é smaointeoireacht choimeádaíochta a chomhroinnt leis an tionscnamh iontach Ealaín sa Tírdhreach agus leis na comhpháirtithe a bhaineann leis. Agus 20 bliain caite agam ag obair i bPáirc Dhealbhóireachta Yorkshire, agus trí thionscadail lasmuigh den láthair, fuair mé taithí ar an tionchar dochreidte is féidir a bheith ag ealaín ar áit agus ar dhaoine, idir thionchar eacnamaíoch agus thionchar doláimhsithe.

Is léiriú é Páirc Dhealbhóireachta Yorkshire ar an gcaoi ar féidir le hinfheistíocht chultúrtha tírdhreach oidhreachta a chaomhnú agus a chomhroinnt. Is léiriú é freisin ar na léargais nua a thugann ealaíontóirí ar chúrsaí. Bíonn ionadh orm i gcónaí mar a éiríonn le cleachtóirí éagsúla an rud domhain leabaithe agus uathúil a thabhairt chun solais. Déanann an próiseas cruthaitheach ceiliúradh ar shainiúlacht gan teorainn na gcomhthéacsanna éagsúla, ag ardú a bpróifíle agus ag mealladh na turasóireachta agus na hinfheistíochta.

Is iontach an rud é dul i mbun oibre le damhsóir Bhangra, go mór mór nuair nach bhfuil ceangal soiléir idir a leithéid agus contaetha Mhaigh Eo agus Uíbh Fhailí. Mar sin féin, chomhoibrigh an t-ealaíontóir Hardeep Singh Sahota agus an grianghrafadóir Tim Smith le pobail agus lena bhfoirmeacha damhsa chun tionscadal iontach a chruthú a leagann béim ar shainiúlacht rudaí áitiúla agus rudaí ar leith agus a dhéanann iad a chur, go ríthábhachtach, sa chomhthéacs domhanda.

**An Dr. Helen Pheby**

*Stiúrthóir Comhlach Pháirc Dhealbhóireachta Yorkshire agus Coimeádaí ar tugadh cuireadh di ar an gCoimisiún Ealaín sa Tírdhreach.*

# Réamhrá

Tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Amharc-ealaíontóirí na hÉireann, i mbun tionscadail arna mhaoiniú faoi Scéim Cuireadh chun Comhoibrithe na Comhairle Ealaíon ó 2020 i leith. Ar dtús, cuireadh maoiniú ar fáil do thionscadal taighde faoin tionscadal Ealaín sa Tírdhreach a bhí dírithe ar Pháirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí, Co. Uíbh Fhailí agus ar Shlí Dhealbhóireachta Thír Sáile, Co. Mhaigh Eo, agus é mar aidhm aige sraith moltaí a fhorbairt maidir le bainistíocht/forbairt a dhéanamh ar gach láithreán amach anseo, chomh maith le heochairphointí foghlama a leagan amach d'eagraíochtaí agus údaráis áitiúla eile. Agus é sin curtha i gcrích, bronnadh maoiniú leanúnach ar na heagraíochtaí comhpháirtíochta ón gComhairle Ealaíon chun seimineár náisiúnta/idirnáisiúnta a eagrú chun ceisteanna a tháinig as an taighde a fhiosrú agus tús a chur leis an díospóireacht ar ealaín sa tírdhreach. Go sonrach, is é an cuspóir a bhí leis ná tús a chur le plé ar conas is féidir le tosaíochtaí na n-ealaíon, an chultúir, na turasóireachta agus an athraithe aeráide ailíniú/oibriú le chéile agus conas is féidir leis an gcomhoibriú seo bonn eolais a chur faoi bheartas amach anseo.

Ealaín sa Tírdhreach: Tá Féile an Athraithe ag filleadh ar an gcomhthéacs áitiúil anois agus beidh sé ar siúl in ionaid in Uíbh Fhailí agus Maigh Eo thar dhá dheireadh seachtaine. Is imeacht í do phobail áitiúla agus do dhaoine a oibríonn nó a bhfuil suim acu sna healaíona, san oidhreacht, sa timpeallacht, sa chultúr, sa turasóireacht, i ngnó áitiúil, agus i bhforbairt pobail, agus soláthróidh sé spás d'fhoghlaim, malartú agus plé ar fud earnálacha agus pobail.







# Coimisiún Ealaíontóirí **Hardeep Singh Sahota & Tim Smith**

Tá an t-ealaíontóir idirnáisiúnta Hardeep Singh Sahota ag obair ar choimisiún ealaíne i bPáirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí in Uíbh Fhailí agus i tSlí Dhealbhóireachta Thír Sáile i dTuaisceart Mhaigh Eo ó Mheán Fómhair 2023. I gcomhar leis an ngrianghrafadóir Tim Smith, d'éascaigh an bheirt seo ceardlanna sa dá chontae mar chuid den taighde agus rannpháirtíocht sa phobal a bhí ar siúl acu. Chuir an próiseas seo bonn eolais faoi threoir an choimisiúin.

Ealaíontóir agus acadóir ildisciplíneach é Hardeep Singh Sahota a bhfuil aithne fhorleathan air as a chuid oibre i réimse Bhangra. Ina leabhar a bhfuil ardmholadh faighte aige, Bhangra: Mystics, Music and Migration, déanann sé iniúchadh ar bhunús amhrán agus damhsa tíre ón gceantar Panjab san Áise Theas agus ar a bhforbairt i gcuid de chultúr na Breataine i bhfuaimdhreach hibrideach Bhangra na Breataine agus tuilleadh lena chois. Is múinteoir meánscoile ealaíne é Hardeep freisin, agus ainmníodh é ina Chomhalta Cleamhnaithe in Ollscoil Huddersfield mar aitheantas ar a chuid taighde agus ar a chuid oibre laistigh den phobal áitiúil.  Leanann sé air ag déanamh staidéir ar an dúspéis a bhí riamh aige sa damhsa trí na tréithe gearrshaolacha a bhaineann le péintéireacht solais agus trí iniúchtaí cruthaitheacha eile.

Is saorghrianghrafadóir é Tim Smith a nascann obair eagarthóireachta agus obair thráchtála le taispeántais, foilsitheoireacht agus tionscadail meán measctha. Tá sé lonnaithe i Yorkshire. Spreag an réigiún agus na pobail éagsúla atá ann é agus d'fheidhmigh siad mar thúsphointe do thionscadail náisiúnta agus idirnáisiúnta as ar tháinig go leor taispeántas lenar thug sé camchuairt ar bhreis agus fiche tír ar fud an domhain agus a léiríodh in aon leabhar déag. Déanann cuid mhór den obair seo iniúchadh ar na naisc idir an Bhreatain agus daoine agus áiteanna ar fud an domhain. Tá sé ina bhall de Panos Pictures. Déanann an ghníomhaireacht cháiliúil seo atá lonnaithe i Londain ionadaíocht ar fhóta-iriseoirí ar fud an domhain a dhéanann saincheisteanna nach ndéantar mórán tuairiscithe orthu, a ndéantar bréagléiriú orthu nó a ndéantar neamhaird orthu.



# Clár Imeachtaí **Uíbh Fhailí**

## Dé hAoine 5 Aibreán

**Ionad: Ealaíon na hEascrach,**
**Tulach Mhór, R35 NY500**

10.30am - 11.00am
**Caife & Fáilte**

11.00am - 1.00pm
**Tionól** *Modhnóir: Eileen Hutton*

1.00pm - 2.30pm
**An Caifé Comhré**
*Lón Líonraithe*

2.30pm - 4.00pm
**Rhythm of Light**
*Caint lena ngabhann léaráidí le*
*Tim Smith & Hardeep Singh Sahota*

4.00pm - 5.00pm
**Ag Léiriú an Tírdhreacha**
*Irish Folksongs*
*Léiriú le Ruairí O'Shea*

6.00pm
**Midland: Mother Myth Memory**
*Taispeántas le Rita Duffy –*
*Seoladh an Taispeántais*

8.00pm
**Céilí Bhangra**
*Céilí Cumaisc – Fáilte roimh ghrúpaí*

## Dé Sathairn 6 Aibreán

**Ionad: Ionad Ealaíon na hEascrach,**
**Tulach Mhór, R35 NY50**

10.00am – 12.00pm
**An Tírdhreach a Léamh agus a Scríobh**
*Ceardlann Filíochta le Eileen Casey*

8.00pm
**Rhythm of Light**
*Seoladh an Taispeántais agus*
*Sárthaispeántas an Choimisiúin le*
*Hardeep Singh Sahota & Tim Smith.*

## Dé Sathairn 6 Aibreán

**Ionad: Páirc Dhealbhóireachta**
**Loch na Buaraí**
*Comhordanáidí GPS:*
*53.224347320350766, -7.7291550580962545*
*Pointe Teagmhála – Ionad Eolais do*
*Chuairteoirí*

10.00am - 11.00am
**Portráidí Ithreach Loch na Buaraí**
*Siúlóid agus plé le Eileen Hutton.*
*Déanfaidh Eileen Hutton plé ar an*
*tslí a n-úsáidtear próiseas malartach*
*grianghrafadóireachtacha chun*
*portráidí ithreach a chruthú ar*
*scagpháipéar solas-íogair.*

11.00am - 12.00pm
**Ceardlann Damhsa Bhangra**
*Ceardlann idirghníomhach damhsa*
**Teacht le chéile ar 10.40am ag an bPointe*
*Teagmhála san Ionad Eolais do Chuairteoirí.*

12.00pm - 1.00pm
**Portráidí Ithreach Loch na Buaraí**
*Féach thuas.*

1.30pm – 3.00pm
**Lá na Móna**
*Á choimeád ag Rita Duffy & Nuala Hayes,*
*siúlóid threoraithe lena mbaineann léirithe*
*amharclainne, ceol beo agus aíonna speisialta.*

2.00pm - 3.00pm
**Portráidí Ithreach Loch na Buaraí**
*Féach thuas.*

4.00pm – 5.30pm
**Lá na Móna**
*Á chur i láthair ag Rita Duffy & Nuala Hayes,*
*siúlóid threoraithe lena mbaineann léirithe*
*amharclainne, ceol beo agus aíonna speisialta.*



# Clár Imeachtaí **Maigh Eo**

## Dé hAoine 12 Aibreán

**Ionad: Áras Inis Gluaire, Lárionad Cathrach Bhéal an Mhuirthead, Sráid an Teampaill, Béal an Mhuirthead, F26 W5H0**

10.30am - 11.00am
**Caife & Fáilte**

11.00am - 1.15pm
**Tionól** *Modhnóir: Eileen Hutton*

1.15pm - 2.15pm
**Lón Líonraithe**

2.30pm - 4.00pm
**Comhroinnt Cleachtais Ealaíontóirí**
*Tim Smith & Hardeep Sahota*
*Eileen Hutton*

4.15pm - 5.00pm
**Seisiún Scópála Wilderland**
*d'ealaíontóirí áitiúla*

I gcaitheamh an lae
**Soil Portraits of Tír Sáile**

## Dé hAoine 12 Aibreán

**Ionad: Cuairteoirí Fheirm Ghaoithe Abhainn Eidhneach, Moing an Iarainn, Béal Átha Chomhraic, Béal an Átha, F26 HW72**

7.00pm - 9.00pm
**Bhangra Céilí**

## Dé Sathairn 13 Aibreán

**Ionad: SOLAS/Ionad Deirbhle, An Eachléim, An Fód Dubh, Béal an Átha, F26 X316**

*Beidh busanna fillte á rith ó Bhéal an Átha (Ionad Ealaíon Bhéal an Átha, ag imeacht ar bhuille 9am) agus ó Chaisleán an Bharraigh (Ollionad Fóillíochta Nua Loch Lannach F23 A257 ag imeacht ar 9am) - Is gá áirithint a dhéanamh roimh ré.*

10.30am - 11.15am
**Caife & Fáilte**

11.15am - 12.30pm
**Díospóireacht Phainéil – Culturally Rich Neighbourhoods**
*Plé éascaithe le hionchur ó réimsí ar fud na hearnála cultúrtha, lena n-áirítear na healaíona, an pobal, an oidhreacht agus an turasóireacht.*

12.45pm - 2.15pm
**Lón Líonraithe**
**& Siúlóid go Deirbhile's Twist**

2.30pm - 4.00pm
**Ceardlann 1**
**Culturally Rich Neighbourhoods**
*The Workshop (15 rannpháirtí ar a mhéad)*

**Ceardlann 2**
**Place | Making through landscape, community and materials**
*(15 rannpháirtí ar a mhéad)*

**Ceardlann 3**
**Cuairt ar Theach Solais an Fhóid Dhuibh**
*(15 rannpháirtí ar a mhéad)*

4:15pm - 4:30pm
**Clabhsúr**

## Dé Sathairn 13 Aibreán

**Ionad: Oifigí Cathartha Bhéal an Átha, Plás Arann, Béal an Átha, F26 E5D7**

6.30pm - 8.30pm
**Rhythm of Light**
*Seoladh an Taispeántais agus Sárthaispeántais an Choimisiúin le Hardeep Singh Sahota & Tim Smith.*

*(Beidh Rhythm of Light ar siúl go dtí an 26 Aibreán agus é ar oscailt don phobal Luan go hAoine, 10am-1pm).*



# Imeachtaí



## Tionól

**UÍBH FHAILÍ:**
**Ealaíon na hEascrach, Tulach Mhór**
**Dé hAoine 5 Aibreán, 11am – 1pm**

**MAIGH EO: Áras Inis Gluaire, Lárionad Cathrach Bhéal an Mhuirthead, Sráid an Teampaill, Béal an Mhuirthead**
**Dé hAoine 5 Aibreán, 11am – 1.15pm**

Bailiú smaointe atá sa Tionól; spás cruthaitheach chun smaointe a chomhroinnt agus deis do rannpháirtithe a gcuid smaointe 'móra' nó 'beaga' maidir le hEalaín sa Tírdhreach a chomhroinnt. Is é cuspóir an imeachta ná smaointe a chomhroinnt agus comhráite a spreagadh go háitiúil. I ndiaidh glao oscailte, roghnaíodh rannpháirtithe chun a gcuid smaointe a chur i láthair i sliotáin ghearra ama do lucht féachana ón bpobal a bhí ar aon intinn leo.

Mar sin, má tá tú i do chónaí gar do Pháirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí in Uíbh Fhailí nó do Shlí Thír Sáile i dTuaisceart Mhaigh Eo, tugaimid cuireadh duit teacht agus éisteacht le cuir i láthair ó pháirtithe leasmhara le smaointe agus tuairimí molta faoin tírdhreach áitiúil.

## An Caifé Comhrá

**UÍBH FHAILÍ:**
**Ealaíon na hEascrach, Tulach Mhór**
**Dé hAoine 5 Aibreán, 1pm – 2.30pm**

Déan naisc, comhoibriú agus comhrá le linn lón neamhfhoirmiúil i stíl an chaifé. Is deis é chun líonrú a dhéanamh, smaointe reatha a chomhroinnt agus smaointe nua a chothú. Ag leanúint ar aghaidh ó na smaointe a cuireadh i láthair ag an Tionól, tugaimid cuireadh do ghrúpaí pobail a bhfuil spéis acu i bPáirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí nó in Ealaín sa Tírdhreach bualadh le daoine eile agus a gcuid smaointe a chomhroinnt ag imeacht deas suaimhneach i stíl an chaifé. Cuirfear sólaistí éadroma ar fáil don lón seo. Is riachtanach áirithint a dhéanamh roimh ré don imeacht seo.

## Rhythm of Light

**UÍBH FHAILÍ:**
**Ealaíon na hEascrach, Tulach Mhór**
**Dé hAoine 5 Aibreán, 2.30pm - 4:00pm**

Caint lena ngabhann léaráidí leis an ngrianghrafadóir agus déantóir scannán Tim Smith, le tacaíocht ó Hardeep Singh Sahota. Léirithe le hábhar óna ghairm bheatha fhada mar ghrianghrafadóir agus déantóir scannán, léireoidh Tim Smith mar a d'oibrigh sé féin agus Hardeep Singh Sahota le chéile le deich mbliana anuas, ag fí focal, íomhánna, ceoil, damhsa agus "fuaimeanna aimsithe" le hiniúchadh a dhéanamh ar shaol na bpobal áitiúil ina dtithe i dTuaisceart Shasana, agus mar a d'eascair a gcuid oibre is déanaí anseo i gContae Uíbh Fhailí agus i gContae Mhaigh Eo as an obair sin. Agus an tírdhreach áitiúil agus scéalta a bailíodh ó dhaoine áitiúla ag caint faoina bhfostaíocht i dtionscail ar

nós baint móna agus déanamh teicstílí mar spreagadh acu, fiosróidh siad mar a d'úsáid siad léiriú cruthaitheach chun rithimí shaol oibre na ndaoine a iniúchadh agus plé a dhéanamh ar an gcaoi a ndearnadh an tionscadal seo a oiriúnú agus a fhorbairt trí chomhoibriú a dhéanamh le daoine éagsúla agus in áiteanna éagsúla sa dá Chontae.

## Ag Léiriú an Tírdhreacha

**Amhráin Tíre na hÉireann**
**Á léiriú ag Ruairí O' Shea**

**UÍBH FHAILÍ:**
**Ealaíon na hEascrach, Tulach Mhór**
**Dé hAoine 5 Aibreán, 4:00pm - 5:00pm**

Tar le chéile leis an ealaíontóir ceoil tíre na hÉireann Ruairí O' Shea dá dhlúthléiriú a chuirfidh siamsaíocht, suaimhneas agus machnamh ar fáil agus a léireoidh smaointe agus comhráite trí phriosma an cheoil bheo, mar aon le téamaí an tírdhreacha, an dúlra agus na haeráide. Is ceoltóir é Ruairí a sheinneann go leor uirlisí agus a dhíríonn go speisialta ar an ngiotár, an maindilín agus an basúcaí. Tá taithí fhairsing aige ar ghrúpaí a thabhairt le chéile i suíomhanna pobail trí leas a bhaint as ceol tíre agus as ceol traidisiúnta. Chun tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar: Ru O'Shea - YouTube.

## Céilí Bhangra

**UÍBH FHAILÍ:**
**Ealaíon na hEascrach, Tulach Mhór**
**Dé hAoine 5 Aibreán, 8pm**
**MAIGH EO: Ionad Cuairteoirí Feirm Ghaoithe Abhainn Eimhnigh, Muine an Oidhre, Béal Átha Chomhraic, Béal an Átha**
**Dé hAoine 12 Aibreán, 7pm – 9pm**

Bígí linn agus bainigí sult as oíche lán de dhamhsa a chuirfidh fuinneamh agus brí ionat. Den chéad uair riamh, tiocfaidh Céilí traidisiúnta na hÉireann, faoi stiúir mhuintir na háite, agus Bhangra le chéile, faoi stiúir an chleachtóra ón Ríocht Aontaithe, Hardeep Singh Sahota.

Mar chuid den imeacht, tabharfar taispeántas ina mbeidh roinnt gluaiseachtaí Bhangra atá éasca le foghlaim!


Is cineál damhsa agus ceoil tíre traidisiúnta bríomhar é Bhangra a thosaigh i measc na bpobal feirmeoireachta i gceantar Panjab san Áise Theas.

## Portráidí Ithreach Loch na Buaraí

**UÍBH FHAILÍ:**
**Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí**
**Dé Sathairn 6 Aibreán, 10am, 12pm, 2pm**

Ar an tsiúlóid agus caint threoraithe seo, pléifidh an t-amharc-ealaíontóir Eileen Hutton suiteáil shealadach 'marcóirí bealaigh' um chrómatagrafaíocht ithreach atá suite feadh codanna den tSlí Dhealbhóireachta i Loch na Buaraí. Bunaithe ar mhodheolaíocht eolaíoch, is próiseas malartach grianghrafadóireachta í an chrómatagrafaíocht ithreach a chruthaíonn 'portráid ithreach' ar scagpháipéar solas-íogair. Is féidir í a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar shláinte ghinearálta na hithreach, lena n-áirítear struchtúr agus éagsúlacht bhitheolaíoch na hithreach, agus an t-ábhar orgánach, húmas, agus mianraí atá ar fáil do phlandaí inti. Bí i láthair ar an tsiúlóid eispéireasach seo chun comhrá líofa a chloisteáil ar thábhacht na hithreach agus na bportach, na micreacosmaí ollmhóra atá laistigh díobh, ról na ngnéithe sin i dtacú leis an mbithéagsúlacht, an eolaíocht saoránach, agus go leor leor eile! Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Eileen agus samplaí dá cuid oibre a fheiceáil, tabhair cuairt ar: www.eileenhutton.com (Líon teoranta áiteanna ar fáil sna seisiúin seo, is riachtanach áirithint a dhéanamh roimh ré)

**Pointe Teagmhála –**
**Ionad Eolais do Chuairteoirí,**
**Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí.**



# Lá na Móna

**UÍBH FHAILÍ:**
**Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí**
**Dé Sathairn 6 April 1:30pm – 3pm**
**and 4pm – 5:30pm**

Is cineál tras-ealaíne comhchoimeádta comhoibrithe é seo idir an t-amharc-ealaíontóir Rita Duffy agus an t-aithriseoir/scéalaí Nuala Hayes. Sraith léirithe agus imeachtaí idirghníomhacha le ceol, scéalaíocht agus go leor eile a bheidh ann.

*'Cuirimid siúlóid dhraíochtúil rúndiamhrach ar fáil trí Pháirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí, rud a dhéanfaidh rannpháirtithe a mhealladh, a spreagadh agus a choinneáil ar bís. Is eispéireas osréalach ilchéadfach é sa timpeallacht nádúrtha athnuaite seo ina mbeidh aíonna gan choinne le cloisteáil - agus beidh tae agus císte móna againn go léir ina dhiaidh.'*

Beidh duine de na carachtair is cáiliúla de chuid an drámadóra ó Uíbh Fhailí Marina Carr, 'Catwoman' ón dráma clúiteach By the Bog of Cats, ina spreagadh ag an eispéireas amharclainne siúlóide seo agus glacfaidh na haíonna speisialta, Séan Ryan, Eimear Burke agus Michael Creagh, páirt ag pointí éagsúla le linn na siúlóide threoraithe amharclainne seo. Glacfaidh aisteoirí agus ceoltóirí áitiúla ó ghrúpaí drámaíochta sa cheantar páirt sa léiriú freisin.

Tá Rita Duffy ar dhuine de na hamharc-ealaíontóirí is mó cáil in Éirinn. Tá tuilleadh eolais le fáil i liostú an taispeántais, agus chun eolas a fháil faoi shaothair Rita, tabhair cuairt ar www.ritaduffystudio.com. Is Aisteoir, Scéalaí agus Údar í Nuala Hayes a chomhoibrigh leis an Ealaíontóir, Rita Duffy ar go leor tionscadal thar na blianta, lena n-áirítear an tionscadal The Shirt Factory i nDoire. Tuilleadh eolais faoi Nuala ar www.storytellersofireland.org

Fad na siúlóide: Thart ar 5km  Ní cheadaítear ach líon teoranta daoine sa lucht féachana in aghaidh an léirithe – Is riachtanach áirithint a dhéanamh roimh ré.

**Pointe Teagmhála –**
**Ionad Eolais do Chuairteoirí,**
**Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí.**

# Comhroinnt Cleachtais Ealaíontóirí

**MAIGH EO: Áras Inis Gluaire, Lárionad Cathrach Bhéal an Mhuirthead, Sráid an Teampaill, Béal an Mhuirthead, F26 W5H0**
**Dé hAoine 12 Aibreán, 2.30pm - 4:00pm**

Roinnfidh ealaíontóirí léargais ar a spéiseanna cleachtais agus ar chuid de na tionscadail ar oibrigh siad orthu go dtí seo.



**Seisiún 1** - Caint agus léaráidí, leis an ngrianghrafadóir agus déantóir scannán Tim Smith agus ón ealaíontóir ildisciplíneach Hardeep Singh Sahota.

**Seisiún 2** – Caint agus léaráidí, le Eileen Hutton faoina cuid oibre, le fócas faoi leith ar chrómatagrafaíocht ithreach agus ar a tionscadal pobail i Maigh Eo.

## Seisiún Scópála Wilderland d'ealaíontóirí áitiúla

**MAIGH EO: Áras Inis Gluaire, Lárionad Cathrach Bhéal an Mhuirthead, Sráid an Teampaill, Béal an Mhuirthead, F26 W5H0**
**Dé hAoine 12 Aibreán, 4:15pm – 5:00pm**

Cuireadh chun páirt a ghlacadh i gceann de na chéad seisiúin scóipe d'ealaíontóirí atá ina gcónaí agus ag obair i Maigh Eo agus ar spéis leo cleachtais ealaíon inbhuanaithe a fhorbairt. Mar chuid den seisiún seo, tabharfar réamhrá gearr le léaráidí ar an tionscadal agus plé maidir le cén chaoi ar féidir leis an tionscadal Wilderland freagairt do riachtanais áitiúla.

## Culturally Rich Neighbourhoods Díospóireacht Phainéil

**MAIGH EO: SOLAS /Ionad Deirbhle, An Eachléim, An Fód Dubh, Béal An Átha, F26 X316**
**Dé Sathairn 13 Aibreán, 11.15am - 12:30pm**

Á chur i láthair i gcomhpháirtíocht le Pobal Feasta, is cuireadh é Culturally Rich Communities féachaint ar na bealaí is féidir le geilleagair áitiúla leas a bhaint as comhoibriú idir na healaíona, an oidhreacht, gnó áitiúil, an turasóireacht agus rialtas áitiúil. Trí acmhainní, cruthaitheacht agus saineolas a thabhairt le chéile, is féidir leis na 'comharsanachtaí' seo teacht le chéile chun fás eacnamaíoch a spreagadh, féiniúlacht pobail a fheabhsú, agus geilleagair áitiúla bríomhara agus inbhuanaithe a chruthú.

Le linn an imeachta lae seo, déanfar plé agus scrúdú domhain ar na buntáistí féideartha a bhaineann lena leithéid de chomhoibriú, na cinn seo a leanas ina measc:

- Rannpháirtíocht sa phobal agus comhtháthú sóisialta
- Féiniúlacht agus brandáil phobail feabhsaithe
- Cruthú post agus fiontraíocht
- Ceantair áitiúla a athbheochan
- Ioncam ón turasóireacht a mhéadú
- Fás sna tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha
- Caiteachas méadaithe áitiúil

# Ceardlanna



## Rita Duffy
## Déanamh Scríne

**UÍBH FHAILÍ:**
**Ealaíon na hEascrach, Tulach Mhór**
**Rogha idir 2 shliotán ama i mí an Mhárta**
**Dé Sathairn 23 Márta, 10am – 4pm**
**Dé Sathairn 30 Márta, 10am – 4pm**

Chun cur le taispeántas Rita Duffy dar teideal Mother Myth Memory in Ionad Ealaíon na hEascrach, reáchtálfaidh an t-ealaíontóir ceardlanna maidir le Déanamh Scrín roimh an fhéile. Is coincheap coitianta i gcultúr na hÉireann fós an scrín agus tógtar iad chun láithreacha suntasacha a mharcáil de ghnáth. Marcáladh áiteanna ársa agus áiteanna úsáideacha mar áiteanna le haghaidh spioraid shinsearacha. Díreach mar a mbíonn ribíní agus briochtaí ceangailte le 'crainn cheirteacha' agus intinní nó paidreacha ó chroí orthu, is áiteanna beaga speisialta iad scrínte a tharraingíonn cúrsaí ealaíne agus an spiorad le chéile. Go traidisiúnta, bhí na déantúis bheaga cois bóthair seo ina n-urraim reiligiúnach do naomh ar leith, ba áiteanna naofa iad ar thug daoine cuairt orthu chun machnamh domhain a dhéanamh. Sna ceardlanna seo, déanfaidh an t-ealaíontóir iniúchadh ar an mbunús a bhaineann leo, ag féachaint ar shamplaí agus ag plé na gcúiseanna a bhaineann lenár dtarraingt ársa i dtreo deasghnátha agus cúrsaí cuimhneacháin. Is féidir cur síos a dhéanamh ar na scrínte seo mar 'fhuinneoga na healaíne tíre chuig an saol eile', radharc tríd an taithí atá againn ar an am i láthair i bhfianaise na naofachta cruthaithí, spás do na siombailí agus do na cuimhneacháin a choinnímid mar rudaí speisialta an duine aonair.

Iarrtar ar rannpháirtithe rudaí beaga 'pearsanta' a thabhairt leo, i.e. seanghrianghraif, teicstílí, rudaí beaga a bhfuil luach maoithneach leo, etc. Má tá seanbhosca adhmaid, tarraiceán iomarcach, nó tráidire domhain d'aon sórt le spáráil agat, fág isteach in Ionad Ealaíon na hEascrach é agus tú ag clárú do cheann de na ceardlanna. (Beidh líon teoranta áiteanna ar fáil sna seisiúin seo, is riachtanach áirithint a dhéanamh roimh ré).

## Ceardlann
## Damhsa Bhangra

**UÍBH FHAILÍ:**
**Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí**
**Dé Sathairn 12 Aibreán, 11am – 12pm**
*(Teacht le chéile ar 10.40am)

Bí ann leis an ealaíontóir ildisciplíneach Bhangra Hardeep Singh Sahota i gcear dlann spreagúil damhsa Bhangra a chuirfidh fuinneamh ort. Is cineál damhsa agus ceoil tíre traidisiúnta bríomhar é Bhangra a tháinig chun cinn i measc na bpobal feirmeoireachta sa cheantar Panjab san Áise Theas. Sa taispeántas agus ceardlann idirghníomhach Bhangra seo, léireoidh an cleachtóir atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, Hardeep Sahota, roinnt rithimí bunúsacha agus gluaiseachtaí Bhangra atá éasca le foghlaim agus tabharfaidh sé cuireadh do na rannpháirtithe páirt a ghlacadh ann.

Oiriúnach do gach aois agus cumas. Más mian le leanaí páirt a ghlacadh, tá an cheardlann oiriúnach do leanaí 7 mbliana d'aois agus níos sine a bhfuil tuismitheoirí/cúramóirí ina dteannta.

**Pointe Teagmhála – Ionad Eolais do Chuairteoirí, Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí, 20 nóiméad roimh am tosaithe na ceardlainne áit a dtabharfar an grúpa go dtí an Pavilion don am tosaithe, 11am.**

# An Tírdhreach a Léamh agus a Scríobh

**Ceardlann Filíochta le Eileen Casey**

**UÍBH FHAILÍ:**
**Ealaíon na hEascrach, Tulach Mhór**
**Dé Sathairn 6 Aibreán, 10am – 12pm**

*"Bog lands are essentially prairie like places but yet, magical and mystical. They hold treasure, from both the distant and recent past. Subtleties of change are partly what draws the artist's eye to read such landscape, to capture through paint or ink or music or whatever medium. Bog lands appear to be immutable. Silent witnesses, shadowy outlines in our comings and goings. Sometimes they are lit by a flash of furze or the soft white of a bog flower."*

Sa cheardlann seo, pléifidh Eileen Casey an chaoi a spreagann an tírdhreach an t-ealaíontóir, ag féachaint ar shraitheanna brí i dtéarmaí cúrsaí tréadacha rómánsaithe nó an pholaitíocht a bhaineann le dán faoin gcomhshaol. Cloisfidh rannpháirtithe a leithéid d'ábhar agus tiomsú ábhar, ainmniú an tírdhreacha, agus téamaí comhshaoil, aeistéitiúla agus todhchaíocha, mar aon le comhoibriú, a bplé agus á bhfiosrú. Déanfar plé freisin ar chleachtaí praiticiúla lena n-áirítear cúiseanna agus leideanna a úsáid chun scríobh faoin tírdhreach. Is as Lár na Tíre ó dhúchas í Eileen agus is file, scríbhneoir ficsin agus iriseoir í chomh maith a bhfuil gradaim bainte amach aici. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Eileen agus samplaí dá cuid oibre a fheiceáil, tabhair cuairt ar: Eileen Casey (@EileenCasey2) / X

Oiriúnach do gach leibhéal. Fáilte roimh chách, idir óg agus aosta.

# Culturally Rich Neighbourhoods An Cheardlann

**MAIGH EO: SOLAS/Ionad Deirbhle,**
**An Eachléim, An Fód Dubh,**
**Béal an Átha, F26 X316**
**Dé Sathairn 13 Aibreán, 2.30 – 4pm**

Tabharfaidh an cheardlann seo roinnt samplaí praiticiúla don lucht freastail ar na bealaí a bhfuil pobail ag baint amach na dtorthaí a tháinig chun cinn i ndíospóireacht phainéil na maidine (15 rannpháirtí ar a mhéad).

# Place | Making through landscape, community and materials

**MAIGH EO: SOLAS/Ionad Deirbhle,**
**An Eachléim, An Fód Dubh,**
**Béal an Átha, F26 X316**
**Dé Sathairn 13 Aibreán, 2.30 – 4pm**

Dearcadh ealaíontóra ar an tírdhreach agus an scéal a bhaineann le cúrsaí áite. Bígí linn le haghaidh siúlóid threoraithe agus ceardlann phraiticiúil le Elaine Harrington. Cloisfidh muid faoi dhearcadh ealaíontóra ar an tírdhreach agus faoin gcaoi a n-insíonn sí scéalta na háite trí rannpháirtíocht phobail agus ábhair dhúchasacha. (15 rannpháirtí ar a mhéad).

# Cuairt ar Theach Solais an Fhóid Dhuibh

**MAIGH EO: Bus ag fágáil Ionad SOLAS/**
**Ionad Deirbhle, An Eachléim,**
**An Fód Dubh, Béal an Átha, F26 X316**
**Dé Sathairn 13 Aibreán, 2.30 – 4pm**

Deis neamhchoitianta í seo cuairt a thabhairt ar theach solais atá fós ag obair agus scéalta iontacha faoi stair mhuirí, faoi chultúr na hÉireann agus faoin mbéaloideas áitiúil a chloisteáil. Ó thuairiscí aimsire atá ag athrú ar fud an domhain go heachtraí cróga agus mar áras teaghlaigh do ghlúnta éagsúla de theaghlaigh na gcoimeádaithe, tá an-chuid cuimhní cinn laistigh de bhallaí tiubha Theach Solais an Fhóid Dhuibh.
(15 rannpháirtí ar a mhéad).



# Taispeántais

## Rita Duffy Midland: Mother Myth Memory

**Taispeántas Amharc-ealaíne**

**UÍBH FHAILÍ:**
**Ionad Ealaíon na hEascrach, Tulach Mhór**
**Oscailt Oifigiúil Dé hAoine 5 Aibreán ar 6pm, ar siúl go dtí 25 Bealtaine.**

Baineadh leas as go leor saothar chun an taispeántas a chur le chéile agus áireofar leis sraith de phictiúir a rinneadh agus Rita ina cónaí in Artach na hIorua, áit atá lán le fuinneamh na bportach agus na matrarcachta. Tá pictiúr mór sa taispeántas dá seanmháthair Mullins, a raibh cónaí uirthi i gClóirtheach agus a raibh tionchar mór aici ar an ealaíontóir le linn a hóige. Cuirfear saothair nua ar pháipéar i láthair den chéad uair, íomhánna a thagann ón gcuimhne agus iad caomhnaithe amhail is go raibh siad sáite in uisce portaigh, gach ceann díobh saibhir ó thaobh an réalachais draíochta agus na hinsinte draíochtaí. Is duine d'amharc-ealaíontóirí ceannródaíocha na hÉireann í; tionscadail mhóra chomhoibríocha ealaíne á dtionscnamh aici, agus í ina léachtóir ar cuairt in ollscoileanna idirnáisiúnta, ag cur ábhair ar fáil do go leor foilseachán agus rannpháirtíochtaí leis na meáin. Rinneadh Ball Oinigh de Chumann Ríoga na nAiltirí í as a cuid oibre forbartha sa timpeallacht thógtha, agus rinneadh comhlach di i gColáiste Goldsmiths i Londain, ag comhoibriú ar mhalartú ealaíne leis an Airgintín ag féachaint ar ról na healaíne i sochaithe iarchoimhlinte. Tá saothair le Rita Duffy le feiceáil i mbailiúcháin i músaeim agus i mbailiúcháin

phríobháideacha ar fud an domhain, agus tá a cuid tionscadal ealaíne poiblí ag fás i gcónaí ó thaobh scála agus uaillmhéine de.. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Rita agus samplaí dá cuid oibre a fheiceáil, tabhair cuairt ar: www.ritaduffystudio.com

## Hardeep Singh Sahota & Tim Smith Rhythm of Light

**Taispeántas Amharc-ealaíne agus Sárthaispeántas an Choimisiúin**

**UÍBH FHAILÍ:**
**Ealaíon na hEascrach, Tulach Mhór**
**Oscailt Oifigiúil agus Sárthaispeántas an Choimisiúin, Dé Sathairn 6 Aibreán ar 8pm, ar siúl go dtí 25 Bealtaine**

**MAIGH EO: Oifigí Cathartha Bhéal an Átha, Plás Arann, Béal an Átha**
**Oscailt Oifigiúil & Sárthaispeántas an Choimisiúin, Dé Sathairn 13 Aibreán ar 6.30pm, ar siúl go dtí 26 Aibreán** (Gailearaí ar oscailt Luan go hAoine 10am-1pm).

Bí in éineacht leis an ealaíontóir ildisciplíneach Hardeep Singh Sahota agus an Grianghrafadóir Tim Smith agus iad ag léiriú thoradh an choimisiúin Ealaín sa Tírdhreach le Taispeántas Grianghrafadóireachta, gearrscannán agus ceol beo.

Tá Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí i gContae Uíbh Fhailí, Slí Dhealbhóireachta Thír Sáile i dtuaisceart Mhaigh Eo, na tírdhreacha mórthimpeall agus saol oibre na ndaoine a chónaíonn sna háiteanna sin, san am a chuaigh thart agus san am i láthair, ina spreagadh don tionscadal seo.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Hardeep agus Tim, agus samplaí dá gcuid oibre a fheiceáil, tabhair cuairt ar: www.ysp.org.uk/whats-on/exhibitions/past-exhibitions/hardeep-sahota-bhangra-lexicon.

## Soil Portraits of Tír Sáile

**Tionscadal Pobail & Suiteáil**

**MAIGH EO: Áras Inis Gluaire,**
**Lárionad Cathrach Bhéal an Mhuirthead,**
**Sráid an Teampaill, Béal an Mhuirthead**
**De hAoine 12th Aibreán**
**I gcaitheamh an lae, Dé hAoine.**

Tá freagairt suíomhshonrach ar Thír Saile beartaithe ag an ealaíontóir Eileen Hutton, bunaithe ar chrómatagrafaíocht ithreach. Is próiseas malartach grianghrafadóireachta í an chrómatagrafaíocht ithreach a chruthaíonn 'portráid ithreach' ar scagpháipéar solas-íogair. D'fhorbair Ehrenfried E. Pfeiffer, eolaí ithreach Gearmánach agus tathantóir na feirmeoireachta bhithdhinimiciúla, den chéad uair í i 1953, agus is modh neamhchostasach d'fheirmeoirí agus do mhúiríneoirí é chun léargas a fháil ar ghníomhaíocht bhitheolaíoch agus ar shláinte na hithreach, an mhúirín, na bplandaí agus an bhia. Tháinig an tionscadal seo chun cinn le míonna anuas, ag cur pobail áitiúla ag obair le Slí Thír Sáile. Mar thoradh ar an obair go léir, rinneadh crómatagram ithreach chun ionadaíocht a dhéanamh ar gach suíomh, agus cuirfear gach ceann díobh ar taispeáint ag an bhféile i mí Aibreáin. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Eileen agus samplaí dá cuid oibre a fheiceáil, tabhair cuairt ar: www.eileenhutton.com



## Comhpháirtithe na Féile

Maoiníodh Ealaín sa Tírdhreach - Féile an Athraithe faoi Scéim Cuireadh chun Comhoibrithe na Comhairle Ealaíon. Is buaicphointe iad na himeachtaí seo ar an gcomhoibriú ar fad idir Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Uíbh Fhailí, Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus Amharc-ealaíontóirí Éireann, i gcomhar leis na suíomhanna comhpháirtíochta Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí, Co. Uíbh Fhailí agus Slí Dhealbhóireachta Thír Sáile, Co. Mhaigh Eo.

## Comhpháirtithe Seachadta

Ionad Ealaíon na hEascrach
Pobal Feasta
Áras Inis Gluaire
Ionad Ealaíon Bhéal an Átha
Gailearaí Cheantar Bardasach Bhéal an Átha
Ionad Cuairteoirí Fheirm Ghaoithe Abhainn Eimhnigh
Ionad Solas

## Rannpháirtithe Fhéile an Athraithe

Anna Cullinan
Comhar Dún Chaocháin
Anna Connor
Eileen Casey
Eileen Hutton
Elaine Harrington
Ionad Ealaíon na hEascrach
Hardeep Singh Sahota
James Winnett
Joe Mangan
Lisa Hallinan
Marian O'Donnell
Michael Smyth
Nuala Hayes
Rita Duffy
Ruairí O' Shea
Tim Smith
Úna Forde
Pobail in Uíbh Fhailí & Maigh Eo

## Sonraí na nGrianghrafadóirí

Íomhá Chlúdaigh: Hardeep Singh Sahota i mbun léirithe ag an Linn Taoide i mBéal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo. Grianghrafadóir Tim Smith.
Leathanach 2: Íomhá le caoinchead ó Jonty Wilde.
Leathanach 2: Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí, le caoinchead ó Tim Smith
Leathanach 3: Battling Forces le Fritze Rind ag Ceann Dhún Pádraig. Grianghrafadóir Eamonn O'Boyle
Leathanach 4: System 30 le Julian Wild, Grianghrafadóir Paul Moore.
Leathanach 5: Tearmon na Gaoithe le Alan Counihan i gCill Chuimín, Grianghrafadóir Eamonn O' Boyle.
Leathanach 6: Ó Rhythm of Light le Hardeep Singh Sahota agus Tim Smith. Grianghrafadóir Tim Smith.
Leathanach 8: Ó Rhythm of Light. Hardeep Singh Sahota i mbun léirithe ag Sky Train le Michael Bulfin. Grianghrafadóir Tim Smith.
Leathanach 9: Deirbhle's Twist le Michael Bulfin san Fhál Mór. Grianghrafadóir Eamonn O'Boyle.
Leathanach 12: Ó thaispeántas Rita Duffy, Midland: Mother Myth Memory.
Leathanach 13: Ó Rhythm of Light le Hardeep Singh Sahota agus Tim Smith. Grianghrafadóir Tim Smith.

## Sonraí maidir le hÁirithintí

Tá imeachtaí na féile go léir saor in aisce don phobal ach is gá áirithintí a dhéanamh. Moltar áirithintí a dhéanamh go luath i bhfianaise an lín teoranta daoine a cheadófar ag go leor de na himeachtaí.

### Imeachtaí in Uíbh Fhailí
057 938 3801 • www.eskerarts.ie

### Imeachtaí i Maigh Eo
094-9064666 • mayoarts@mayococo.ie
www.mayo.ie/en-ie/your-council/services/arts/arts-programme/art-in-the-landscape

**Find out more:**
**www.offaly.ie/festivals**
**www.mayo.ie**

Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

TÍR SÁILE SCULPTURE TRAIL

VAI visual artists ireland

arts council schomhairle ealaíon funding the arts

Esker Arts

Bord na Móna LoughBoora DISCOVERY PARK